C/2026/732

2.2.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12293 — EPEI / AURES HOLDINGS)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/732)

1. An 26 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— EP EQUITY INVESTMENT S.À.R.L. ('EPEI', Lucsamburg), arna rialú ag an Uasal Daniel Křetínský,

— AURES Holdings a.s. ('Aures', an tSeicia), atá faoi rialú ag Automotive Retail Systems N.V.

Gheobhaidh EPEI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar G ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é EPEI atá dírithe ar infheistíochtaí i réimsí éagsúla gnó, amhail mórdhíol bia san fhormáid íoc is iompair, miondíol earraí tomhaltais laethúla, fáil agus bainistiú sócmhainní meán, foilsiú irisí, seirbhísí poist agus seachadta, ríomhthráchtáil, mórdhíol agus miondíol táirgí leictreonaice agus táirgí neamhbhia eile, chomh maith leis an earnáil físchluichíochta,

— Tá AURES gníomhach i miondíol gluaisteán athláimhe agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile amhail carr a fháil ar cíos, léasú, árachas agus seirbhísí coimhdeacha eile i réigiún Lár agus Oirthear na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12293 — EPEI / AURES HOLDINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.